## Leabharlanna Chomhairle Contae Fhine Gall
## An Polasaí maidir le húsáid ríomhairí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, le Wi-fi agus leis an Idirlíon

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall ríomhairí agus rochtain Idirlín ar fáil (i ngach uile leabharlann) agus rochtain ar Wi Fi (i leabharlanna áirithe) don phobal saor in aisce.

Córas idirnáisiúnta de líonraí atá ceangailte is é an t-Idirlíon, córas nach bhfuil rialachas ná rialachán déanta air den chuid is mó. Cuirtear raon rífhairsing d'acmhainní faisnéise, de theicneolaíocht faisnéise agus de sheirbhísí ar líne ar fáil don úsáideoir léi. Mar sin féin, ní bhíonn gach uile acmhainn atá ar fáil ar an Idirlíon iontaofa, suas chun dáta, ná cruinn beacht agus is féidir teacht ar thuairimí ar roinnt mhaith suíomh a measfadh úsáideoirí iad a bheith conspóideach agus íomhánna a measfaidís iad a bheith gránna.

Tá bogearraí scagtha socraithe ar na ríomhairí againne agus ar an gcóras wi-fi againn chun bac a chur ar rochtain ar shuímh ghréasáin atá pornagrafach nó gáirsiúil. Mar sin féin, níl aon chóras scagtha le fáil atá go hiomlán éifeachtach. Dá bhrí sin, molaimid go tréan do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí a bheith feasach ar an úsáid a bhaineann a leanaí as an Idirlíon sa Leabharlann. Tabhairt do d'aire nach bhfuil bac curtha ar rochtain ar shuímh ghréasáin de chuid na meán sóisialta dála Facebook, Twitter, Instagram, Linkedin agus Pinterest.

Níl Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as aon ábhair, dearcaí, tuairimíocht nó íomhánna atá ar fáil ar an Idirlíon, agus ní dhéanaimid iad a fhormhuiniú ná a cheadú ach oiread. Níl an Chomhairle freagrach as damáistí, caillteanais, costais nó speansais a tharlaíonn mar thoradh ar an Idirlíon a úsáid in aon leabharlann bhrainse, ar bhonn díreach nó indíreach.

## Coinníollacha Úsáide an Idirlín atá ar fáil don Phobal Saor in Aisce

1. Caithfidh tú a bheith cláraithe mar bhall den leabharlann chun ríomhairí nó an wi-fi a úsáid.

2. Caithfidh gach uile dhuine a úsáideann na ríomhairí nó an wi-fi glacadh leis an bpolasaí seo agus leis na coinníollacha úsáide roimh dóibh rochtain a fháil orthu.

3. Is iad tuismitheoirí agus caomhnóirí agus tuismitheoirí agus caomhnóirí amháin atá freagrach as an úsáid a bhaineann a gcuid leanaí as an idirlíon. Ní mór do leanaí faoi 12 bhliain d'aois údarú ó dhuine dá dtuismitheoirí chun na ríomhairí a úsáid. Ná dearmad, mura miste, go bhféadfar go nochtfar íomhánna do leanaí atá neamhfhóirsteanacha nó a bhféadfadh cur as dóibh má ligtear dóibh an tIdirlíon a úsáid gan maoirseacht. Moltar go mór go ndéanann tuismitheoirí maoirseacht ar na leanaí agus iad ag féachaint ar ábhar ar an Idirlíon. Ní féidir le baill foirne leabharlanna a rianú cén íomhánna nó cén suímh ghréasáin a théann siad chucu.

4. Caithfidh don té a úsáideann ríomhairí poiblí i Leabharlanna Chomhairle Contae Fhine Gall a ghlacadh leis go ndéanann Comhairle Contae Fhine Gall monatóireacht air agus nach meastar ann gur sárú príobháideachais atá i gceist leis sin. Más rud é go ndéanann duine a úsáideann na ríomhairí iarracht teacht ar shuímh toirmiscthe nó ar ábhar grafach gáirsiúil, féadfar é sin a fhágáil go dtógfar gníomhaíocht bhreise dá bharr. Sa chás go ndéantar iarrachtaí arís is arís eile, bainfear cearta na ríomhairí a úsáid den duine i gceist.

5. Iarrtar ar gach aon duine a úsáideann an tIdirlíon a choinneáil in aigne gur i dtimpeallacht phoiblí atá siad ag teacht ar an fhaisnéis. Níor cheart dóibh teacht ar aon ábhar a bhfuil sé dóchúil a bheith míchóir breathnú ar in áit phoiblí, ná iarracht a dhéanamh teacht ar a leithéid.
6. Níl cead ag úsáideoirí an t-idirlíon sa Leabharlann a úsáid chun aon ghníomh mídleathach a dhéanamh, lena n-áirítear dlite cóipchearta, comhaontuithe ceadúnaithe nó aon chearta eile a bhaineann le tríú páirtithe a shárú. Tá cosc ar úsáid le haghaidh aon chríoch tráchtála chomh maith.
7. Níl sé ceadmhach do na daoine a úsáideann na ríomhairí cur isteach ar ríomhairí agus líonraí na leabharlanna, nó leasú a dhéanamh leo.
8. Tá an ceart ar cosaint ag Comhairle Contae Fhine Gall aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a thuairisciú do na húdaráis iomchuí.
9. Tá sé ceadmhach d'úsáideoirí doiciméid a shábháil ar ghléas cuimhne/USB.
10. Déanann an Leabharlann suntas den phríobháideacht a bhaineann le húsáid an Idirlín, ach níltear in ann é sin a dheimhniú.
11. Ní cheadaítear do bhreis is beirt ríomhaire amháin a úsáid ag aon tráth amháin.
12. Ní mór dóibhsean a úsáideann na ríomhairí glacadh leis na gnásanna áirithinte sin atá i bhfeidhm sa leabharlann i gceist.
13. Logáil amach as do chuntas ríomhphoist/meáin shóisialta nuair atá tú críochnaithe leis, le do thoil.

**Ceart Achomhairc:** Aon duine nach nglacann leis an polasaí seo ar úsáid an Idirlín, féadfar go gcuirfear cosc orthu an tIdirlín a úsáid sa Leabharlann.